

# Glaoch Abhaile

Freagraí Samplacha agus Ceisteanna Scrúdaithe






Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha**
**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**



Glaoch Abhaile

(i) ‘Tugtar léiriú dúinn sa dán ‘Glaoch Abhaile’ (thíos) ar an gcodarsnacht idir saol aislingeach Pháidín agus fíorshaol Pháidín i Londain.’ É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as athrá sa dán. (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile sin. (9 marc)


**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**


Glaoch Abhaile

(i) ‘Tá a lán siomblachais le feiceáil sa dán ‘Glaoch Abhaile.’ É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) An teideal oirúnach ar an dán é ‘Glaoch Abhaile’, dar leat? (6 mharc)

(iii) Cén chaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (9 marc)






## Filíocht Ainmnithe (30 marc)

### Glaoch Abhaile


(i) Cad é príomhthéama an dáin 'Glaoch Abhaile', dar leat? Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú. (15 mharc)

(i) Déan plé ar ghné amháin den dán a thaitin leat. (6 mharc)

(ii) 'Tá náire Pháidín le feiceáil go soiléir sa dán seo.' É sin a phlé. (9 marc)



**Freagraí Samplacha**



**Déan plé ar ghné amháin den dán a thaitin leat.**

Thaitin an dán seo go mór liom agus bhain mé an-sult go deo as staidéar a dhéanamh air le linn mo chúrsa. Is iomaí gné den dán a chuaigh i bhfeidhm orm ach caithfidh mé a rá gur thaitin an úsáid a bhain an file as an Aimsir Láithreach sa dara véarsa go mór liom.

'Leagann Páidín/síos an fón/Crochann/a mhála dufail/ar a ghualainn'.

Léiríonn úsáid na hAimsire Láithrí gur síorfhulaingt atá i ndán do Pháidín bocht agus go leanann an saol ar aghaidh ar bhealach brónach agus dian. Tá an briathar 'Crochann' fágtha i lár an véarsa freisin, ar nós go bhfuil go bhfuil an focal féin ar crochadh, rud a leagann béim ar Pháidín agus é ag crochadh thart gan fios aige cá bhfuil a thriail. Cuireann úsáid na hAimsire Láithrí sa véarsa seo go mór le héiginnteacht an dáin, rud a thaitin go mór liom.




**Freagraí Samplacha**


**Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as athrá sa dán.**

Baineann an file úsáid an-éifeachtach as athrá sa dán seo ‘Glaoch Abhaile’. Tá athrá le feiceáil go láidir sa chéad véarsa agus Páidín ag comhrá lena mháthair ar an bhfón. ‘Sea sea’ a deir sé ag an tús, rud a léiríonn go bhfuil sé ag éirí tuirseach de na ceisteanna atá á gcur aici air. Tá athrá le feiceáil freisin níos faide ar aghaidh sa véarsa céanna ar an bhfocal ‘Nollaig’. ‘Ach beadsa chugaibh/don Nollaig/Sea don Nollaig’ a deir Páidín agus é ag labhairt. Cuireann seo go mór le brón agus tragóid an dáin. Tá a mháthair buartha faoi, í ag impí air filleadh abhaile don Nollaig ach ní thuigeann sí nach bhfuil an t-airgead aige aire a thabhairt dó féin gan trácht ar theacht abhaile.

Sa dara véarsa, tá athrá le feiceáil ar an íomhá den mhála. ‘Crochann/a mhála dufail/ar a ghualainn/[a] mhála codlata/faoina ascaill’. Luann an file an mála faoi dhó le béim a leagan ar an saol stoite atá ag Páidín. Níl aon rud buan sa saol aige, is duine é atá gan bhaile.



**Freagraí Samplacha**




**Déan plé ar mhothúchán amháin a mhúscail an dán seo ionat.**

Mhúscail an dán seo a lán mothúchán ionam agus mé á léamh. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil scéal an inimircigh óig, Páidín, an-bhrónach. Chuir an íomhá den árasán sa chéad véarsa brón an domhain orm. 'Tá árasán agam/Dhá sheomra/Iad breá cluthar/Teas lárnach agus uile'. Is léir go santaíonn Páidín baile teolaí agus compordach dá chuid féin. Is saghas brionglóide í an íomhá seo den saol idéalach nach bhfuil ag Páidín. Tá codarsnacht ghlan idir an t-árasán seo agus 'a bhosca/taobh thiar de/Stáisiún Waterloo' sa dara véarsa, rud a chuir an-bhrón go deo orm.

Bhí an-bhrón orm freisin nuair a impíonn máthair Pháidín air filleadh don Nollaig agus tugann sé geallúint di go mbeidh sé ar ais 'le cúnamh Dé'. Is léir ón ráiteas sin nach gcreideann sé féin go mbeidh sé in ann filleadh don Nollaig dáiríre, rud atá thar a bheith truamhéalach agus brónach, dar liom.

Tá an dara véarsa den dán seo an-bhrónach go deo. Bhí mé croíbhriste do Pháidín bocht agus é ag siúl timpeall chathair Londan gan aige ach 'a mhála dufail/ar a ghualainn' agus 'a mhála codlata/faoina ascaill.' Is cinnte gur íomhánna brónacha, truamhéalacha agus tragóideacha iad seo d'fhear óg gan sprioc.



# Idir na Línte

Foghlaim TG4